

AN FHUAIDH LEANAMHNACH

Tá an Fhuaidh Leanamhnach taobh thiar den Gheamaire. Fuidh leathan ach tá sí contabhairteach. Mara mbeadh fairrge an-tsocair ann ní fhéadfá duine a chur i dtír ann. Tá sgalpacha thíos sa bhfuaidh. An té a bheadh ag iasgach le dorugha ann is iondamhail go gcaillfeadh sé é gheall ar an áit a bheith achrannach. Nuair a théanns dorugha i bhfostú tá sé a' leanamhaint agus is iondamhail go gcailltear é. Sin é an t-ughdar ar tugadh an Fhuaidh Leanamhnach uirthé.